II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

## CINNEADH (AE) 2022/2066 ÓN gCOMHAIRLE

**an 21 Feabhra 2022**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht na Gabúine agus an Comhphobal Eorpach (2021-2026)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43, i gcomhar le pointe (a)(v) den dara fomhír d'Airteagal 218(6) agus Airteagal 218(7) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2021/1117 ón gComhairle ([2]), síníodh an Prótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht na Gabúine agus an Comhphobal Eorpach (2021-2026) ([3]) ("an Prótacal") an 29 Meitheamh 2021, faoi réir a thabhairt i gcrích tráth níos déanaí.

(2) Tá feidhm ag an bPrótacal ar bhonn sealadach ó dháta a shínithe.

(3) Is é is cuspóir don Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht na Gabúine agus an Comhphobal Eorpach ([4]) ("an Comhaontú") agus don Phrótacal cur ar chumas an Aontais agus Phoblacht na Gabúine ("an Ghabúin") oibriú níos dlúithe le chéile chun forbairt an bheartais iascaigh inbhuanaithe a chur chun cinn, agus chun saothrú acmhainní iascaigh i limistéar iascaireachta na Gabúine agus san Aigéan Atlantach a éascú ar bhealach freagrach, agus chun tacú le dálaí córa oibre in earnáil na hiascaireachta san am céanna.

(4) Ba cheart an Prótacal a fhormheas.

(5) Le hAirteagal 9 den Chomhaontú, bunaítear Comhchoiste atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe. Thairis sin, de bhun Airteagal 19(5) den Phrótacal, féadfaidh an Comhchoiste leasuithe áirithe ar an bPrótacal a ghlacadh. D'fhonn glacadh na leasuithe sin a éascú, ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún, faoi réir coinníollacha sonracha substainteacha agus nós imeachta a chomhlíonadh, iad a fhormheas thar ceann an Aontais faoi nós imeachta simplithe.

(6) Ba cheart don Chomhairle seasamh an Aontais maidir le leasuithe atá beartaithe don Phrótacal a chinntiú. Ba cheart don Choimisiún na leasuithe atá beartaithe a fhormheas, thar ceann an Aontais, mura rud é go ndéanann mionlach blocála de na Ballstáit agóid i gcoinne na leasuithe i gcomhréir le hAirteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

([1]) Toiliú an 14 Nollaig 2021 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
([2]) Cinneadh ón gComhairle (AE) 2021/1117 an 28 Meitheamh 2021 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus maidir le cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht na Gabúine agus an Comhphobal Eorpach (2021-2026) (IO L 242, 8.7.2021, lch. 3).
([3]) IO L 242, 8.7.2021, lch. 5.
([4]) IO L 109, 26.4.2007, lch. 3.

(7) Ba cheart an Prótacal a theacht i bhfeidhm a luaithe is féidir i bhfianaise na tábhachta eacnamaíche a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta an Aontais i limistéar iascaireachta na Gabúine agus an gá atá ann fad tréimhse bhearnaithe na ngníomhaíochtaí sin a laghdú oiread is féidir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déanfar an Prótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht na Gabúine agus an Comhphobal Eorpach (2021-2026) ("an Prótacal") a fhormheas, thar ceann an Aontais:

*Airteagal 2*

Tabharfaidh Uachtarán an Chomhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 26 den Phrótacal.

*Airteagal 3*

I gcomhréir leis an nós imeachta a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, údaraítear don Choimisiún na leasuithe ar an bPrótacal atá le glacadh ag an gComhchoiste de bhun Airteagal 9 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht na Gabúine agus an Comhphobal Eorpach a fhormheas, thar ceann an Aontais.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Feabhra 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. DENORMANDIE

*IARSCRÍBHINN*

AN NÓS IMEACHTA MAIDIR LE FORMHEAS A DHÉANAMH AR NA LEASUITHE AR AN bPRÓTACAL ATÁ LE GLACADH AG AN gCOMHCHOISTE

I gcás ina n-iarrtar, i gcomhréir le hAirteagail 19(5) den Phrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht na Gabúine agus an Comhphobal Eorpach (2021-2026) ("an Prótacal"), ar an gComhchoiste leasuithe ar an bPrótacal a ghlacadh, údaraítear don Choimisiún na leasuithe atá beartaithe a fhormheas thar ceann an Aontais, faoi na coinníollacha seo a leanas:

(1) Maidir leis an bhformheas a dhéanfar thar ceann an Aontais, áiritheoidh an Coimisiún:

(a) go mbeidh sé i gcomhréir le cuspóirí an chomhbheartais iascaigh;

(b) go mbeidh sé comhsheasmhach leis na rialacha ábhartha arna nglacadh ag eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh agus go gcuirfear san áireamh ann comhbhainistiú arna dhéanamh ag stáit chósta;

(c) go gcuirfear san áireamh ann an fhaisnéis staidrimh, an fhaisnéis bhitheolaíoch agus an fhaisnéis ábhartha eile is déanaí a cuireadh chuig an gCoimisiún.

(2) Sula ndéanfaidh an Coimisiún na leasuithe atá beartaithe a fhormheas thar ceann an Aontais, cuirfidh sé faoi bhráid na Comhairle iad in am trátha roimh an gcruinniú ábhartha den Chomhchoiste.

(3) Déanfaidh an Chomhairle measúnú féachaint an gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i bpointe 1 leis na leasuithe atá beartaithe.

(4) Formheasfaidh an Coimisiún na leasuithe atá beartaithe, thar ceann an Aontais, mura ndéanfaidh líon áirithe Ballstát agóid i gcoinne na leasuithe, líon is comhionann le mionlach blocála na Comhairle i gcomhréir le hAirteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Má ceapadh mionlach blocála den sórt sin áfach, diúltóidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, do na leasuithe atá beartaithe.

(5) Más rud é, le linn cruinnithe den Chomhchoiste ina dhiaidh sin, lena n-áirítear cruinnithe ar an láthair, nach féidir teacht ar chomhaontú maidir leis na hathruithe atá beartaithe, cuirfear an t-ábhar faoi bhráid na Comhairle arís eile, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i bpointí (2) go (4), chun go gcuirfear tosca nua san áireamh i seasamh an Aontais.

(6) Iarrtar ar an gCoimisiún aon bheart is gá a dhéanamh, in am trátha, mar obair leantach ar chinneadh an Chomhchoiste maidir leis na leasuithe atá beartaithe, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, an cinneadh ábhartha a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus aon togra is gá chun cur chun feidhme an chinnidh sin a thíolacadh.

(7) A mhéid a bhaineann le ceisteanna eile nach mbaineann le leasuithe ar an bPrótacal dá bhforáiltear in Airteagail 19(5) den Phrótacal, déanfar an seasamh atá le glacadh ag an Aontas sa Chomhchoiste a chinneadh i gcomhréir leis na Conarthaí agus le cleachtais oibre sheanbhunaithe.